# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

**CLOSCRÍOBH**
(GNÁTHLEIBHEAL)

**DE hAOINE, 4 MEITHEAMH 2004 9.30 r.n. - 11.40 r.n.**

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 - 9.40 r.n. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht rl, ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúchán obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Cuir 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* **Ná** cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist atá tugtha thíos.

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 - 9.50 rn)

1.1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna mura ndéanfar seo.

1.2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall ar an dá thaobh den pháipéar.

1.3 Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúchán ar bith.

1.4 Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht seo nó aon chuid de den dara huair.

1.5 Ní gá teideal an ghiota a chlóscríobh.

1.6 Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibredon fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais ag deireadh an scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.

**2. Litir Ghnó**

2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe**

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata, i ndúch.

**4. Cuireadh**

4.1 Taispeáin an Cuireadh go héifeachtach.
4.2 Lárnaigh gach líne go cothrománach agus an cuireadh uile go ceartingearach ar an leathanach.

## CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 MÓIMÉAD CEADAITHE)

**(a)** **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág i imeall.**

**(c)** **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht nó cuid de den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an Triail Chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

---

Agus í neadaithe i mbáisín idir Sliabh an Tábla agus an Aigéan Atlantach, is áit iontach í Cape Town. Lena suíomh ceannasach éachtach ag an rinn is faide ó dheas san Afraic, cuimsíonn sí buntáistí shaol na cathrach agus an saol mór amuigh faoin spéir - déan turas gearr sa charr amach ón mbaile agus is féidir leat a bheith i do luí ar thránna gaineamhacha, ag dreapadh sléibhte creagacha nó ag baint taitnimh as cuid den chócaireacht is fearr ar domhan. D’ainneoin na dtrioblóidí a tharla le déanaí, tá saol na cathrach dóchasach sa lá inniu. Ceann scríbe beomhar í Cape Town dóibh siúd atá ag lorg pléisiúir mhóra an tsaoil: radharcanna áille, bia maith, agus, mar bharr air sin, grian sa gheimhreadh.

Léiríonn meascán eicléicteach a cuid ailtireachta meon Cape Town, ó thionchar na hÍsiltíre, an Mhoslamachais agus Shasana ar lár stairiúil na cathrach, go dtí an só nua-aimseartha a bhaineann leis an bhForbairt Chalaidh nua. Ach b’fhéidir gurb é an bealach is fearr le tús a chur le cuairt ar Cape Town ná radharc a fháil anuas ó bharr Shliabh an Tábla. Is eachtra é síob sa charr chábla a chaithfear a mhothú. Is uafar na radharcanna iad go deimhin.

**(25 marc)**

**CEIST 2 – LITIR GHNÓ**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH RIACHTANACH.**

---

Tag DS/(do thúslitreacha)

03 Meitheamh 2004

An tUasal Pádraig Ó Maolomnhaigh
Bainisteoir
Grand Hotel
BAILE AN GHÉARLÁNAIGH
Co Lú

An tUasal Ó Maolomhnaigh

Maidir le do fhiosrú faoi sholáthar doirse nua adhmaid, tá áthas orainn an luachan seo a leanas a thabhairt faoi na doirse de réir an sceitse atá leis seo.

1 Doras Dúbailte Inmheánach agus Scáthlán - é sin in áit an dorais agus an scáthláin atá ann.
2. Doras Dúbailte don Bhialann - é le hoscailt isteach sa spás fáiltithe.
3 Doras Singil don Bhialann – é le hoscailt isteach don bhialann agus beidh sé crochta ó fhráma atá ann.

Is é an costas a bheidh air thuas ná €6,800 agus CBL san áireamh.

Na doirse le bheith:

Monaraithe as crua-adhmad Iroko/Téac
Crochta ar bhuninse de chruach dhosmálta
Feistithe le Glasa Caochs Chubb
Feistithe le Gloine Lannach 6.4mm
Soláthrófar hanlaí tarraingthe agus brúphlátaí freisin.

Má tá aon fhiosrú eile agat, déan teagmháil le do thoil leis an té a bhfuil a shíniú thíos. Más mian leat dul ar aghaidh, cuir daingniú ar ais le facs.

Le dea-ghuí
ACE SHOPFITTERS LIMITED

Dominic Sadler
Stiúrthóir

Enc **(25 marc)**

**CEIST 3 - RÁITEAS TÁBLAITHE**

**AN RÁITEAS TÁBLACH A LEANAS A CHLÓSCRÍÓBH AGUS A RIALÚ, LE DO THOIL - GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL LÁRNACH.**

---

| **SCÁLA UASPHRAGHASANNA*** | | | |
|---|---|---|---|
| | **SÉASÚIR** | | |
| | **Ean – Beal** | **Meith – M.Fómh** | **D.Fómh – Noll** |
| **THAR OÍCHE AN DUINE AG ROINNT** | | | |
| Le folcadán/cithfholcadán & leithreas | €55 | €60 | €55 |
| Gan folcadán/cithfholcadán & leithreas | €50 | €55 | €50 |
| **THAR OÍCHE AN DUINE SINGIL** | | | |
| Le folcadán/cithfholcadán & leithreas | €70 | €75 | €70 |
| Gan folcadán/cithfholcadán & leithreas | €65 | €70 | €65 |
| Bricfeásta san áireamh thuas? | Sea | Sea | Sea |
| **BÉILÍ - TABLE D'HOTE** | | | |
| Bricfeásta simplí | € 6.50 | € 6.50 | € 6.50 |
| Lánbhricfeásta | € 7.99 | € 7.99 | € 7.99 |
| Lón | €15.50 | €15.50 | €15.50 |
| Dinnéar | €25.50 | €25.50 | €25.50 |
| **LAGHDÚ DO LEANAÍ %** | Nil | Nil | Nil |
| **TÁILLE SEIRBHÍSE %** | Nil | Nil | Nil |

* Ní féidir dul thar na táillí thuas gan cead an Bhoird

**(30 marc)**

**CEIST 4 - FÓGRA**

**TAISPEÁIN AN FÓGRA SEO A LEANAS AR BHEALACH TARRAINGTEACH AR BHILEOG A4**

---

**CÉN SPRIOC ATÁ AGAT?**

Carr Nua
Spraoi Siopadóireachta
Sos Geimhridh
Cóiriú Tí?

**CIBÉ SPRIOC ATÁ AGAT -**
**LE SPRIOC-IASACHT DÁR MBAILL AR 8.5% AMHÁIN GHEOBHAIDH TÚ:**

- Ceann de na rátaí is lú atá ar fáil
- Ús gearrtha ar an iarmhéid laghdaitheach amháin
- Aisíocaíochtaí a fhanann mar a chéile fiú má athraítear rátaí úis
- Gan táillí doiciméadaithe
- Rogha méid ar bith idir €1,000 go €20,000
- An rogha d'aisíocaíochtaí iasachta a chosaint le Creditcover

**NÁ DÉAN ACH GLAOCH AR 1890 222 222**
**CHUN A FHÁIL AMACH A LAGHAD A CHOSNAÍONN SÉ DO SPRIOC A AIMSIÚ**

**(20 marc)**

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán